

# IMRAM

## FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE

**18-21 DEIREADH FÓMHAIR/OCTOBER &
10- 18 SAMHAIN/NOVEMBER 2023**

# IMRAM

## FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE

### A VOYAGE OF DISCOVERY

Aidhm IMRAM saibhreas na litríochta Gaeilge comhaimseartha a roinnt le cách agus an pobal a thabhairt linn ar aistear mistéireach.

IMRAM aims to bring its audiences on a 'voyage of discovery' that reveals the rich diversity of modern Irish language literature.


**STIÚRTHÓIR IMRAM/DIRECTOR**
LIAM CARSON
liam@imram.ie
Fón: 087-2912797

**BAINISTEOIR IMRAM/MANAGER**
MAJELLA NÍ CHRÍOCHÁIN
majella@imram.ie
Fón: 087 9776852

**PUBLICITY**
BOWE COMMUNICATIONS
kate@bowecommunications.ie
Fón: 01 652 0143



**BORD IMRAM/IMRAM BOARD**
Cathal Póirtéir (cathaoirleach); Cormac de Barra; Emma Ní Chearúil; Fionnuala Ní Dhúgáin; Gráinne Ní Ghilín; Cormac Ó Dúlacháin; Muiris Ó Fiannachta; Liam Ó Maolaodha; Alan Titley


**IMRAM.IE**


arts council / cistiú litríocht
ealaín
Foras na Gaeilge
RTÉ Supporting the arts
Poetry Ireland Éigse Éireann
Dublin Book Festival
Baile Átha Cliath Dublin City

# IMRAM

## FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE

### A VOYAGE OF DISCOVERY

Saothraíonn IMRAM chun litríocht na Gaeilge a chur i gceartlár an tsaoil phoiblí in Éirinn, trí fhéile bhliantúil nuálach a eagrú, a thacaíonn le scribhneoirí, a spreagann díospóireacht agus a mheallann cainteoirí Gaeilge agus foghlaimeoirí na Gaeilge in Éirinn agus ar fud an diaspóra.

IMRAM works to put Irish language literature at the heart of our nation's public life, through an innovative annual festival, supporting writers and publishers, encouraging the sale of books, provoking debate, and engaging Irish speakers and Irish learners across Ireland and the diaspora.

**BUÍOCHAS Ó CHROÍ LE/HEARTFELT THANKS TO:**
Cathal Póirtéir; Gabriel Rosenstock; Laura Rawdon, Foras na Gaeilge; Sarah Bannan, Audrey Keane & Peter Sirr, An Chomhairle Ealaíon/Arts Council; Damian Smyth & Beverley Coomber, Arts Council of Northern Ireland; Daithí Ó Maolchoille; Tom Bluett; Siobhán Nic Gaoithín; Carmel Ui Cheallaigh, dlr Lexicon; Ray Yeates, Arts Office, Dublin City Council; Benedict Schlepper-Connolly, Museum of Literature Ireland; Valerie Bistany, Irish Writers Centre; Tristan Rosenstock; Cork University Press; Lucy Ryan, Smock Alley; Liz Kelly, Jane O'Hanlon, Anna Bonner & foireann, Éigse Éireann/Poetry Ireland; Fiona Ní Ghloinn; Julianne Mooney-Siron & Róisín Russell, Dublin Book Festival; Hannah Ní Bhaoill, Féile na Gealaí; Daithí Mac Uait & foireann, Áras Mhic Reachtain; Glen Patterson, Seamus Heaney Centre; Kieran Nolan, Oldtown Design; Bridget Breathnach, Cló Iar-Chonnacht; Barra Mac Aodha Bhuí, An Gúm; Eoghan Mac Giolla Bhríde, Éabhlóid; Gemma Breathnach, Futa Fata; Jennifer Gorissen, LeabhairComhar; Ciara Dardis, Dublin City Libraries; Beartla Ó Flatharta, Ealaín na Gaeltachta; Aisling Donnelly, Lexicon DLR; Aisling Molloy, Babaró; Mairéad Weymes; Mary Flanagan; Liam Grant; Kate Bowe; Maeve O'Sullivan; Cearbhall Ó Síocháin; Jim Berkeley; Jesse Smith, Black Rogue Design; Féile na Bealtaine; Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe; Nasc Productions; Carcanet Press; Díseart an Daingin; La Bohème Boutique, An Daingean; Fiona Morgan; Niamh Lawlor & Eithne Carson.

**IMRAM.IE**

## CLÁR IMRAM 2023



18 DEIREADH FÓMHAIR
**SA PHOLL BÁITE**



19 DEIREADH FÓMHAIR
**RABHADH GAN GHNÍOMH**



20 DEIREADH FÓMHAIR
**SIÚRACHA NA GEALAÍ CAILLTE**



21 DEIREADH FÓMHAIR
**DRACULA AN CHUIRRÍNIGH**



10 SAMHAIN
**SCRÍOFA I MEASC CARRAIGEACHA FRAOIGH**



11 SAMHAIN
**AN TIARNA GEORGE HILL**



15 SAMHAIN
**FEISTEAS AN tSAOIL**



16 SAMHAIN
**GEIMHREADH ANAMA**



17 SAMHAIN
**DUAIS HAIKU BASHO**




17 SAMHAIN
**GUTH NA hÉIGSE**



17 SAMHAIN
**MÓRSHEOLADH LEABHAR**



18 SAMHAIN
**EMAIN ABLACH**

# SA PHOLL BÁITE

LE ANNA HEUSSAFF
AOICHAINTEOIR:
SINÉAD NÍ UALLACHÁIN

**The launch of a thrilling new crime novel by award-winning novelist Anna Heussaff.**

**DÉ CÉADAOIN 18 DEIREADH FÓMHAIR**
Wednesday 18 October 6.30pm
Áras na Scríbhneoirí, 19 Cearnóg Pharnell, BÁC 1
Saorchead isteach / Free admission



'Scéal síorbhríomhar, drámatúil a thugann an léitheoir ó chathair go tuath agus ó ghean go gráin in Éirinn an lae inniu, i bprós álainn a ghríosfaidh éirim, fiosracht agus iontas an léitheora ar chuile leathanach.'
– Cormac Ó hEadhra, láithreoir *Drivetime,* RTÉ

Tá Emer Uí Ghríofa imithe gan tásc. I gcúinne uaigneach ar bhruach na Life a aimsíonn an Garda Réamonn Seoighe a corp. Tá a mac, Dan, cráite faoina bás ach cén drogall atá air labhairt leis na gardaí?

Tá Colmán Ó Gríofa ina theach saoire ar leithinis Bhéarra an deireadh seachtaine céanna, é scartha ó Emer ach dílis di i gcónaí.

Tacaíonn a chomharsa Aoife Nic Dhiarmada leis agus í ag éirí gafa sa chás. Tá noda fiúntacha agus fianaise bhréige á scagadh aicise agus ag na gardaí; tá faire faoi cheilt ar siúl istoíche agus an t-am ag sciorradh. An nochtfar an ciontóir sula ndéanfar an dara marú?

**Anna Heussaff** is a highly popular novelist, and *Sa Pholl Báite* – a winner in the 2022 Oireachtas Literary Prizes - is her fourth crime novel in a series that includes *Bás Tobann*, *Buille Marfach* and *Scáil an Phríosúin.*

# SIÚRACHA NA GEALAÍ CAILLTE

FÉILE NA GEALAÍ

TIONSCADAL DIANE DI PRIMA
THE DIANE DI PRIMA PROJECT

**DÉ hAOINE 20 DEIREADH FÓMHAIR**
Friday 20 October 8.00pm
Smock Alley, Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8
Cead isteach/admission €15/12
Booking: (01) 6770014 or www.smockalley.com

Guth radacach i nuafhilíocht Mheiriceá a bhí ag **Diane di Prima**, glór cumhachtach feimineach nuair ba iad na fir is mó a labhair ar son ghlúin na bhfilí Beat. Lámhleabhar na hagóidíochta frithchultúrtha a bhí sa leabhar aici *Revolutionary Letters* (1971) a léiríonn samhlaíocht útóipeach agus aird á tarraingt aici ar an éiceolaíocht. Sa dán eipiciúil *Loba*, ar tour-de-force é, tarraingíonn sí ar go leor miotas chun spiorad an fhaolchú mar bhandia a chruthú le cantaireacht orthaí. 'Fuascailteach agus ar maos i bhfuil, dán do gach ré,' a thug Robert Hunter air, liriceoir Grateful Dead.

In **Lost Moon Sisters, Dairena Ní Chinnéide** embarks on an intimate dialogue with the late radical feminist poet **Diane di Prima,** speaking to her spirit from west Kerry in a remarkable litany that evokes the personae of the wolf goddess and the warrior woman. The poems are read to music composed by **Nick Roth,** with singing by **Olesya Zdorovetska.** Images on-screen by **Margaret Lonergan.**




# RABHADH GAN GHNÍOMH

Poetry Ireland Éigse Éireann

CRITHFHREAGAIRT ILMHEÁNACH
AR ÁR nDOMHAN DÓITE

**DÉARDAOIN 19 DEIREADH FÓMHAIR**
Thursday 19 October 8.00pm
Smock Alley, Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8
Cead isteach/admission €20/15
Booking: (01) 6770014 or www.smockalley.com

**I gcomhar le hÉigse Éireann**

Tá alltacht an domhain orainn go léir, mar chine, ar fheiceáil dúinn straicí móra d'Amazonia trí thine. Taifeadadh teocht scanrúil i ngach tír nach mór. Tá na farraigí ag ardú, gaineamhlaigh ag leathnú amach, barra ag teip agus laghdú catastrófach ar bhithéagsúlacht na cruinne.

D'iarr IMRAM ar **Úna Monaghan,** cláirseoir, cumadóir agus ealaíontóir fuaime, léiriú ilmheánach a chruthú agus a bhainistiú chun an téama seo a fhiosrú, géarchéim na haeráide. Sa saothar is déanaí uaithi, tá meascán den cheol traidisiúnta, dealbhóireacht chré-umha, ealaín fuaime agus braiteoirí gluaiseachta. Beidh ceol turgnamhach agus tobchumtha le cloisteáil sa seó.

**ALARMED AND INACTIVE** is a multi-media exploration of the theme of climate emergency, through the responses of individual artists. This bi-lingual performance will fuse experimental and improvised music - played by **Matthew Jacobson** (percussion); **Úna Monaghan** (harp, electronics); and **Cuan Ó Seireadáin** (French horn) - with visuals by **Vivienne Griffin**, sculpture by **Nóirín Nic Alastair,** and poetry and prose by **Nandi Jola, Nithy Kasa, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, Daithí Ó Muirí,** and **Róisín Sheehy.**

# *DRACULA* AN CHUIRRÍNIGH

Ó CUIRRÍN'S *DRACULA*



**DÉ SATHAIRN 21 DEIREADH FÓMHAIR**
Saturday 21 October 8.00pm
Smock Alley, Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8
Cead isteach/admission €15/12
Booking: (01) 6770014 or www.smockalley.com

Sa bhliain 1933 d'fhoilsigh An Gúm leagan Gaeilge de chlasaic Bram Stoker, *Dracula*. An-seans gurb é an t-aistriúchán seo le **Seán Ó Cuirrín** (1894 -1980) an t-aistriúchán is saibhre ar fad ar an leabhar neamhbhásmhar (!) seo. Sa léamh drámatúil seo de *Dracula* an Chuirrínigh, tá fuaimrian speisialta le cloisteáil agus taispeánfar íomhánna de Dracula.

In 1933 An Gúm published **Seán Ó Cuirrín's** famed translation of Bram Stoker's *Dracula*. Ó Cuirrín - a talented writer and poet - used terms such as *súmaire* (a leech, parasite) for a vampire or invented new ones for the *neamh-mhairbh* (the undead, zombies). This dramatic reading of the Irish text, directed by **Bríd Ó Gallchóir** of **Aisling Ghéar,** is performed by actors **Caitríona Ní Mhurchú** and **Tim Creed.** It also features on-screen projections created by artist **Mags Mulvey** and an atmospheric soundtrack of dark music composed by **Muiris Ó Fiannachta.**



# SCRÍOFA I MEASC CARRAIGEACHA FRAOIGH

WRITTEN AMONG THE HEATHER ROCK

**DÉ hAOINE 10 SAMHAIN**
Friday 10 November 12.00pm
Chester Beatty, Dublin Castle, Dublin 2
Saorchead isteach/free drop-in
Information: dublinbookfestival.com

**In partnership with Dublin Book Festival**

As Gaeltacht Dhún na nGall do **Annemarie Ní Churreáin.** I measc na gcnuasach uaithi tá *Bloodroot* agus *The Poison Glen.* Molann Thomas McCarthy í as an bhfuinneamh agus as an scil a bhaineann lena cuid filíochta. Cuireann IMRAM agus Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath an chéad léamh uaithi i nGaeilge ar fáil, an teanga a thugann ar ais í go dtí an tírdhreach is fód dúchais di.

**Annemarie Ní Churreáin** comes from the Donegal Gaeltacht. Her collections include *Bloodroot* and *The Poison Glen.* Thomas McCarthy has praised her for the manner in which she 'speaks of dislocation and loss, of pain and attachment, in a poetry of furious energy and stunning verse-craft.' Presented by IMRAM and the Dublin Book Festival, this event marks her début reading of work in Irish, reinforcing her belief that poetry can 'restore us back into the landscape to which we truly belong.' This reading is part of a gala reading and discussion in the Dublin Book Festival's *Lunchtime Poetry Readings from Around the World* series. **Annemarie Ní Churreáin** will join poets **Majed Mujed** and **Yairen Jerez Columbié** to discuss poetry, language, and translation with **Tapasya Narang.**

# AN TIARNA GEORGE HILL AGUS POBAL GHAOTH DOBHAIR

CATHAL PÓIRTÉIR IN CONVERSATION WITH ÉILÍS NÍ DHUIBHNE

**In partnership with Dublin Book Festival**

**DÉ SATHAIRN 11 SAMHAIN**
Saturday 11 November 3.00pm
Chester Beatty, Dublin Castle, Dublin 2
Saorchead isteach/free admission
but booking required
dublinbookfestival.com



Cheannaigh an Tiarna George Hill leath de pharóiste Ghaoth Dobhair roimh an nDrochshaol agus thosaigh sé ar fheachtas le saol na ndaoine a athrú ó bhonn. I ndiaidh an Ghorta Mhóir, d'athraigh an caidreamh maith eatarthu go coimhlint. Sa leabhar *An Tiarna George Hill agus Pobal Ghaoth Dobhair,* déanann **Cathal Póirtéir** iarracht fíricí agus barúlacha faoi Hill agus Gaoth Dobhair a tharraingt le chéile lena gcomhthéacs staire agus pearsana, le cuidiú linn a oidhreacht sa cheantar a mheas go cothrom. Inniu, labhraíonn sé leis an scríbhneoir **Éilís Ní Dhuibhne** faoina chuid scríbhneoireachta.

In 1838 Lord George Hill bought half of the parish of Gaoth Dobhair in Donegal, and embarked on an ambitious project to improve the area - building Bunbeg Harbour, improving roads, and introducing farming reforms. But in the wake of the Great Famine, his good relations with local people turned to bitter conflict. In this public interview with author **Éilís Ní Dhuibhne**, writer and broadcaster **Cathal Póirtéir** talks about his dramatic account of these events, *An Tiarna George Hill agus Pobal Ghaoth Dobhair.*



# FEISTEAS AN tSAOIL

**DÉ CEADAOIN 15 SAMHAIN**
Wednesday 15 November 7.30pm
Smock Alley, Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8
Cead isteach/admission €15/12
Booking: (01) 6770014 or www.smockalley.com

Is ceiliúradh é *Feisteas an tSaoil* ar shaol na mban trí athruithe sóisialta an 20ú haois agus ina dhiaidh. Saothar nua cróga is ea é seo ó bhean go raibh saol thar a bheith suimiúil aici. Coincheap agus téama úrnua atá againn anseo. Pléann sé le scéalta an-phearsanta atá fite fuaite le píosaí filíochta, formhór acu leis an bhfile **Áine Moynihan** féin. Tá idir gháire is gol ann. Cuireann píosaí ceoil agus amhránaíochta, cuid a thagann ó oileáin Inis Oírr, Cléire agus ó Iarthar Chiarraí – ar pianó le **Louise Foxe** agus fidil le **Feargal Mac Amhlaoibh** – go mór leis an seó.

*Feisteas an tSaoil* is a bilingual poetic celebration of women's lives through the social changes of the 20th century. With musical fragments and airs played on piano and on fiddle from the islands of Cléire and Inis Oírr, and West Kerry, *Feisteas an tSaoil* deals with stories of birth and death, marriage and breaking taboos, in a society best known for its silences. Tracing key moments of schooling, courtship, marriage and giving birth, this moving performance features live music from **Feargal Mac Amhlaoibh** and **Louise Foxe.**

Le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Na Meáin; Ealaín na Gaeltachta; agus an comhchoiteann amharclannaíochta Giorria.

# GEIMHREADH ANAMA

## THE WINTERREISE PROJECT

**DÉARDAOIN 16 SAMHAIN**
Thursday 16 Samhain 7.30pm
Smock Alley, Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8
Cead isteach/admission €20/15
Booking: (01) 6770014 or www.smockalley.com

Is é seo an chéad uair a aistríodh an tsraith cháiliúil seo d'amhráin ealaíne – *Winterreise* le **Franz Schubert** go Gaeilge. Sa tionscadal nuálach seo tá cóiriú déanta ar cheann de shaothar mór lieder na Gearmáinise, é athchruthaithe d'amhránaí agus grúpa beag ceoltóirí uirlise, ní sa stíl *Kunstlieder* ach níos gaire do cheol na hÉireann. Agus cuma thraidisiúnta orthu (seachas an tionlacan pianó normatach a shamhlaítear leis an bparlús), agus iad i nGaeilge, beifear in ann éisteacht leis an stór cáiliúil amhrán seo ar bhealach tochtmhar nach mbraithimid de ghnáth.

Franz Schubert's haunting *Winterreise* is based on a series of poems by Wilhelm Müller that tell the story of a lonely traveller who ventures out into a snowy landscape on a journey to purge himself of his lost love. In *Geimhreadh Anama,* singer **Caitríona O'Leary** reimagines this masterwork – with lyrics transcreated into Irish by **Gabriel Rosenstock** – with stunning arrangements based on folk and traditional music. She is accompanied by **Alex Roth** (guitar); **Derek White** (bass); and **Dylan Lynch** (drums). With screen projections by artist **Margaret Lonergan.**





# DUAIS HAIKU BASHŌ

HAIKU READING AND AWARD PRESENTATION
IMRAM IN ASSOCIATION WITH
POETRY IRELAND EDUCATION

**Dé hAOINE 17 SAMHAIN**
Friday 17 November, 11am-2pm
Smock Alley, Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8
Event for schools

Sa **gComórtas Filíochta Haiku Duais Bashō** tugadh cuireadh do dhaltaí iar-bhunscoile haiku a chumadh, i mBéarla nó i nGaeilge nó go dátheangach, agus a gcuid haiku a chur isteach le haghaidh breithiúnais. Is é an haiku an fhoirm fhileata is giorra ar domhan a tháinig chun cinn sa tSeapáin sa 17ú hAois, agus a bhláthaigh i ré an mháistir mhóir, Bashō. Scríobhtar dánta Haiku i dtrí líne de ghnáth agus tá seacht siolla déag ar a mhéad iontu.

**The Bashō Prize Poetry Competition** asks post-primary students to compose a haiku in the English or Irish language and submit their haiku for adjudication. The haiku is the shortest poetic form in the world which originated in Japan in the 17th Century, first refined and championed by haiku master Bashō. Haiku poems are usually written in three lines and contain a maximum of seventeen syllables. As part of this project, haiku poet **Maeve O'Sullivan** has been conducting workshops with students throughout the country. Poet and acclaimed haiku doyen **Gabriel Rosenstock** is adjudicating the entries.

Featuring a haiku reading and the announcement of the winners.




# GUTH NA hÉIGSE

NATIONAL FINAL OF POETRY
SPEAKING COMPETITION
IMRAM IN ASSOCIATION
WITH POETRY IRELAND EDUCATION

**Dé hAOINE 17 SAMHAIN**
Friday 17 November, 11am-2pm
Smock Alley, Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8
Event for schools

Is Comórtas Labhartha Filíochta d'iarbhunscoileanna é **Guth na hÉigse,** atá bunaithe ar an gComórtas Labhartha Filíochta, **Poetry Aloud,** a bhfuil an-rath air. Chuir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Éigse Éireann tús le **Poetry Aloud** in 2007. Tá sé mar aidhm ag **Guth na hÉigse** mic léinn a spreagadh ar fud oileán na hÉireann chun dánta Gaeilge a fhoghlaim de ghlanmheabhair agus ansin na dánta a rá os ard ag babhtaí ceannais, cluichí ceannais réigiúnacha agus ag craobh náisiúnta a bheidh ar siúl inniu i Smock Alley.

**Guth na hÉigse** is a Poetry Speaking Competition for Post-Primary Schools, based on the successful and well-established **Poetry Aloud Poetry Speaking Competition** initiated by the National Library of Ireland and Poetry Ireland in 2007. **Guth na hÉigse** aims to encourage students throughout the island of Ireland to commit Irish-language poems to memory and then speak the poems aloud at heats, regional finals and at the national final that takes place today in Smock Alley.


# MÓRSHEOLADH LEABHAR


GALA BOOK LAUNCH –
WITH (SHORT) SPEECHES, READINGS, AND DRINKING. MUSIC FROM SINGER ENDA REILLY

**Dé hAOINE 17 SAMHAIN**
Friday 17 November 7.30pm
Smock Alley, Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8
Saorchead isteach/free admission but booking required
Booking: (01) 6770014 or www.smockalley.com

**Aoichainteoirí:**
Pádhraic Ó Ciardha
Áine Ní Ghlinn
Dr Eoin Mac Cárthaigh






## AG DUL I bhFAD
ALAN TITLEY

Gearrscéalta nua ó pheann an Titlígh – fabhalscéalta, scéalta óige, eachtraí iomána agus peile, bréaginsintí éagsúla, scéalta gaisce nó rómánsaíochta, agus scéal fada amháin.

A dazzling new series of short fictions of all kinds from the inimitable Alan Titley – fables, tales of youth, outrageous tall tales and even one novella.

## FÁINNE GEAL AN LAE
ÉILÍS NI DHUIBHNE


Scéal é seo faoi cháilin óg, Róisín, atá ag fás aníos i mbruachbhaile i mBaile Átha Cliath, i gcaogaidí agus seascaidí an chéid seo caite. Cuimhní cinn, más ea, a chuireann teacht in inmhe cailín óig i láthair go seoigh.

A beautiful story of a young girl's coming-of-age in 1950s and 1960s Ranelagh Village in Dublin as she attends a local Irish-medium school.

## INSIDE *INNTI*
A NEW WAVE IN IRISH POETRY
EDITED BY AILBHE NÍ GHEARBHUIGH
AND TRISTAN ROSENSTOCK

Cnuasach aistí faoin iris *Innti*, a d'athraigh saol litríochta na Gaeilge ó bhun go barr.


Over fifty years after the birth of the revolutionary literary magazine *Innti*, this bilingual book seeks to examine its radical shake-up of the world of Irish language literature.



# EMAIN ABLACH

ÉIGSE ÚR AR OILEÁN ÁRSA
LE NEIL Ó LOCHAINN
AGUS AIFRIC MAC AODHA

**DÉ SATHAIRN 18 SAMHAIN**
Saturday 18 November 7.30pm
Smock Alley, Exchange Street Lower
Temple Bar, Dublin 8
Cead isteach/admission €20/15
Booking: (01) 6770014 or www.smockalley.com



Ainm i measc ainmneacha éagsúla ar an saol eile ina gcónaíonn an t-aos sí is ea Emain Ablach. Tá leithéidí **Martin Hayes** tar éis **Neil Ó Lochlainn** a mholadh go hard as a chumas chun domhain cheoil a chruthú a bhfuil doimhneas iontu. Sa saothar nua aige, tarraingíonn sé as luathscríbh-neoireacht na Gaeilge, na miotais agus na síscéalta. Tá danta le **Aifric Mac Aodha** a insíonn faoin laoch a thaistealaíonn go dtí an domhan eile, na heachtraí a bhaineann dó ann agus a thuras ar ais. Cloisfear tionchar an tsnagcheoil ar an saothar seo, mar aon le ceol traidisiúnta agus ceol clasaiseach ár linne.

In mythology, Emain Ablach is just one of many names for the otherworld. Acclaimed by **Martin Haye**s for his ability to 'create uncompromised musical worlds with real depth and authenticity,' composer **Neil Ó Lochlainn** has produced a stunning new work that draws on early Irish writing, myth and medieval legend. It weaves commissioned new poems by **Aifric Mac Aodha** which tell of a hero's journey to the other world, their adventures there, and their eventual return. The suite draws on Irish traditional music, jazz and contemporary classical; and features a thrilling 14-person ensemble with performers from a wide range of musical backgrounds, and poetry read by **Billy Mag Fhloinn.**